30 Aibreán 2010

Spreagann an tAire Ó Ciardha Eagraíochtaí Spóirt chun páirt a ghlacadh i nóiméad amháin ciúnais in ómós dóibh siúd a d'fhulaing caillteanas le linn an Ghorta Mhóir

Inniu, tá Pádraig Ó Ciardha, Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, ag spreagadh eagraíochtaí náisiúnta spóirt nóiméad machnaimh ciúin a choimeád ag imeachtaí poiblí ar fud na tíre Dé Domhnaigh 16ú Bealtaine 2010 mar chomhartha measa agus aitheantais dóibh siúd a fuair bás nó a d'fhulaing caillteanas le linn an Ghorta Mhóir.

Dúirt an tAire Ó Ciardha, "Tá mo Roinnse i ndiaidh scríobh chuig na heagraíochtaí spóirt ar fad ag impí orthu Cuimhneachán Náisiúnta an Ghorta Mhóir a shonrú i mbliana trí nóiméad ciúnais a choimeád ag na hócáidí spóirt ar fad timpeall na tíre ar an 16ú Bealtaine. Tuigim gur éirigh go geal leis an gcomóradh seo an bhliain seo caite, agus go ndeachaigh sé i bhfeidhm go mór ar na rannpháirtithe agus an lucht féachana araon. Tá áit láidir urramach ag an spórt i sochaí na hÉireann agus spreagfainn na heagraíochtaí spóirt ar fad a gcuid tionchair a úsáid d'fhonn ómós agus aitheantas a thabhairt do na caillteanais a fulaingíodh in Éirinn de dheasca an Ghorta Mhóir. Ar an drochuair, ní le hÉirinn amháin a bhaineann an gorta agus tá go leor tíortha ar fud an domhain fós ag fulaingt ón ngorta agus ón ocras inniu. Tá sé tábhachtach agus sinn ag admháil ár gcuid staire féin go leanaimid ar aghaidh ag ardú feasachta maidir le hainriocht na ndaoine seo".

I mbliana, beidh Ócáid Chuimhneacháin Náisiúnta an Ghorta Mhóir ar siúl i Muraisc, Co Mhaigh Eo Dé Domhnaigh 16ú Bealtaine.

Críoch